

An Díseart

**Plean straitéiseach bainistíochta don
tréimhse 2021-23**

**Plean meántearmach 3 bliana, lenar
léirítear plean gníomhaíochta don
Bhlian 1**



Achoimre Feidhmiúcháin

Tá an plean seo bunaithe ar ár misean agus ar fís agus luachanna An Díseart. Tá ár gcroíspriocanna, scoláireacht agus rannphártaíocht an phobail luaite again.

'S í Isabel Bennett a d'ullmhaigh an plean seo le síor comhairliúcháin leis an mBord agus go mór mhór leis an gCathaoirleach Joan Maguire.

Plean trí bliana é seo chomh maith le plean gníomhaíochta don mbliain 2022. Déanfar athbhreithniú ar an bplean ag gach cruinniú den mBord agus ar an bplean ina iomlán ag an gcruinniú Boird leathdhéanach gach bliain.

Is mór ár meas ortha siúd go raibh baint acu leis an obair seo chun an plean a thabhairt chun críche.

Ráiteas Físe agus Misin

Go mbeadh an Díseart mar lár ionad phobail atá beo anamúil ag léiriú agus ag cur chun cinn an Cultúr Ceilteach agus spioradáltacht mar chuid lárnach d'ár n-oidhreacht áitiúil.



Tá an Díseart suite ar láthair ina mbíodh Clochar na Toirbhirte fadó. Bunaíodh sa bhliain 1996 mar láthair taighde ins gach gné den spioradáltacht gaelach agus an cultúr ceilteach ina bhfuil diagacht, teanga, litríocht, ealaíon, dlíthe, béaloideas, luachanna, spioradáltacht, stair, ceol, ailtireacht agus nósanna san áireamh.

Thosnaigh an obair seo go léir faoi cheannaireacht agus stiúir an MSGR Pádraig Ó Fiannacht, trócaire air agus i bpáirt léna chnuasach luachmhar leabhar agus lámhscríbhinní atá coinnithe sa leabharlann poiblí sa Daingean.

Tá an Díseart i lámha an phobail le tacaíocht mná Rialta Chlochair na Toirbhirte, agus á riaradh ag Bórd Dheonach a dhéanann forálacha maidir aire agus cúram tailte an fhoirgnimh agus mór thimpeall. Tá an foirgneamh ar fail don bpoball ionas go gcothófar imeachtaí spioradálta ealaíonta agus cultúrtha.

Is áit áláinn na gairdíní i gcoir picnic agus spraoi agus cruinnithe cultúrtha.

Eagraíonn agus cruthaíonn an Díseart chomh maith le imeachtaí spioradálta agus oidhreachta i rith nab liana.

Ár Luachanna

Tá sé do sprioc again mar Bhord obair sármhaith a dhéanamh agus gur b'é an dearcadh atá again ná foghlaim ó chásanna de réir mar a thagann siad chun cinn agus úsáid a bhaint as réiteach fadhbanna lom díreach. Úsáidfear scilleanna agus ceannaireacht le réiteach na bhfaidhbeanna se oar shon fheabhsú na heagraíochta de shíor.

Scoláireacht

Tá an Bord tiomanta do scoláireacht i dtaighde ar luath Chríostaíocht na hÉireann agus spioradáltach Cheilteach chun cur lenár dtuiscint orainn féin ar an ndomhan agus go gcuirfidh sé feabhsú agus follaíne an phobail.



Rannpháirtíocht Pobail

Tá sé de aidhm again oibriú chun ár rannpháirtíocht pobail a dhoimhniú agus a leathnú chun úsáid an phobail as na h-áiseanna le haghaidh gníomhaíochtaí spioradálta ealaíonta agus cultúrtha a spreagadh. Ag obair le Cáirde an Díseart beidh an rannpháirtíocht iomlánaíoch, comhoibritheach agus inbhuanaithe le cabhair ó chairead an Dísirt agus ag súil go mbeidh cumhachtú an phobail mar thoradh air.

Tá an Bord tiomanta do luachanna an chomhionannais agus na huilechuimsitheachta in éiteas na heagraíochta. Déileáfar go cothram le gach naon. Fáiltímid roimh gach cumas, reiligiún, cine agus claonadh gnéasach.

Tógann an Bord ortha fhéin iad fhéin a iompar le hionracas, chomh maith le caidreamh dhílis a chothú laistigh den aonad in ndíleáil oibre leis an bpobal.



Is í an barántúlacht an bonn chun éirim a chinntiú agus is sprioc lárnach í sa Díseart. Úsáideann Bord an Dísirt macántacht ina ndíleáil le baill eile an Bhoird, an fhoireann agus an pobal. Ciallaíonn sé seo a bheith díreach maidir le roghnú stráitéisí agus spriocanna thar cinn eile, a bheith macánta nuair a ritheann linn

agus nuair a théigheann dinn ionas go gcothófar meas ar a chéile, ar an bhfoireann agus an pobal.

Tá an bord tiomanta do thrédhearcacht ina chinntí agus ina ghníomhaíochtaí. Tuigeann an Bord ná rithfidh leo ina gcúram muna bhfuil obair foirne agus comhoibriú i gceist. Tá an Díseart cuntasach do na gníomhaireachtaí rialaithe agus do na gheallsealbhóirí.

Achoimire

Tá riaradh an Dísirt faoi bhórd dheonach a dhreachtáigh agus a bheidh ag cur aidhmeanna an phlean straitéisigh seo le chéile, tháinig an spreagadh chun an plean seo a dhreachtú ó phlé ginearálta agus ón rialtóir carthanais leis. Cuirtear an plean seo i bhfeidhm i dtréimhse éiginnte agus an phaindéim covid fós go láidir i bpobail ar fuaid an domhain mhóir. Dhéan an phaindéim seo ana dhíobháil do ghnáth reactháil An Dísirt agus na rudaí éagsúla a bhíonn ar siúl anseo go mórmhór an laghdú atá tagtha ar uimhreacha na gcuaríteoirí go dtí an Institiúid le tamall anuas.

An Díseart Anailís SWOT

S:

- Tá foirgneamh breá againn.
- Tá na Gáirdíní forbartha againn.
- Tá an Díseart seanbhunaithe anois , ta sé ann ó 1996.
- Tá an séipéal ann le fuinneoga iomráiteacha Harry Clarke .
- Tá an Díseart in aice le Leabharlann an Daingin .
- Tá roinnt seomraí codlata againn sa bhfoirgneamh .
- Tá oibrithe ar scéimeanna SOLAS agus SST againn.
- Táimid gar don gcarr chlós nua laistíos do Shéipéal Naomh Muire .
- Tá Ollscoil SHU ag teacht chughainn le blianta agus iad againn go fóill .
- Tá tacaíocht againn ó Shiúracha no Toirbhirte.
- Tá baill Coiste deonach againn atá ag tabhairt a gcuid ama agus a dtaithe go fial agus go fonnmhar ó 1996 .
- Tá Cairde an Díseart sa chúlra ullamh chun tacú .
- Tá Stadas Charthanachta ag an Díseart .
- Tá Ardaithóir , chopmh maith le córas teasa , leictreachais agus Slándála uasghrádaithe sa bhfoirgneamh .
- Tá troscáin agus achmhainní teagaisc , léachta agus seimineáir réasúnta maith ag an Díseart.

W:

- Tá an foirgneamh sean agus a lán costais cothabhála ó bhliain go bliain.
- Níl carr chlós againn .
- Táimid ag braith ró mhór ar oibrithe deonacha nó ar oibrithe páirtaimsireacha scéimeanna SOLAS Nó SST.
- Níl sruth airgeadais leanúnach /teacht isteach leanúnach againn.
- Deacrachtaí le daoine óga a mhealladh chun a bheith ar an mBord Stiúrtha .
- Níl cuid do lucht gnó an Daingin ró thacúil .
- Ní ghabhann mórán des na turasóirí a thagann ar bhusanna chughainn , níl sé fuirist do bhus páirceáil in aice an Disearth .

O:

- Tógaint ar an dtaithí atá againn ar SHU agus breis Coláistí 3ú Leibhéal ó chian agus ó chónagar a mhealladh .
- Breis fógraíochta a thabhairt des na Gairdíní le breis ócáidí a mhealladh le ócáidí cheiliúrtha a chur ar bun .
- Ionad taighde a fhorbairt leis an spás atá againn agus an leabharlann atá againn agus leabharlann Uí Fhiannachta i leabharlann an Daingin .
- Breis cuairteoirí a mhealladh fuinneoga Harry Clarke ,Scéal na Siúracha , Ealaíon Yates , na Gairdíní agus rl.
- Sparántaíochtaí Ealaíona éagsúla a fháil ó leithéidí Ealaíon na Gaeltachta
- Daoine aonarach nó grúpaí beaga a mhealladh chun úsáid a bhaint as achmhainní an Díseart agus ar ndóigh na háiseanna thar oíche atá againn .

T:

- Foirgneamh an CBS a bheith ceannaithe agus á athchóiriú ag SHU .
D'fhéadfaidís imeacht uainn go hiomlán amach anseo agus Coláistí eile 3ú leibhéal eile a mhealladh chucha .
- Scéimeanna SST agus SOLAS ag críochnú toisc gan pearsain a bheith ar fáil nó incháilithe.
- An iomarca páipéarachais agus rialachais má táimid ag braith ar oibrithe deonacha .
- Dainséar go mbeadh iompar mí shóisialta sna Gairdíní .
- Pleannana ann sean oispidéal an Daingin a fhorbairt ina mhór láthair ealaíona do Chorca Dhuibhne.
- Galair nó Paidéim cosúil le COVID19 .

AIDHMEANNA STRAITÉISE:

- 1: Polasaí Coimhlint Leasa a dhréachtadh
- 2: Polasaí um Chosaint Leanaí a dhréachtadh .
- 3: Próifíl an Díseart sa phobal a fhorbairt .
- 4: Polasaí Sláinte agus Sábháilteacht a dhréachtadh
- 5: Polasaí GDPR a dhréachtadh
- 6: Polasaí Bulaíochta agus Gnéas Chiapadh a dhréachtadh.

7: Polasaí Ionduchtaithe do bhail nua ar an bhfoireann nó ar an mBord a dhréachtadh .

8: Polasaí Cód Iompair agus Ról gach duine atá ag obair sa Díseart cibé íochta nó deonach dóibh a dhréachtadh.

9: Polasaí Cumarsáide –Ceisteanna ,Moltaí agus Gearáin a dhréachtadh.

AIDHMEANNA OIBRE:

1: An Díseart (Foirgneamh agus Gairdíní) a chur chun cinn mar ionad adhradh ,machnaimh agus deabhóide .

2: Timpealacht a chruthú ina mbeadh an ealaíon reiligiúnda, filíocht agus cultúr faoi bhláth .

3: An foirgneamh agus na gairdíní a fhorbairt mar láthair staidéir ,paidreoireachta, suaimhnis agus machnaimh .

4: Béim a chur ar an dtraidisiún Reiligín Dúchais nó Ceilteach maidir le ceiliúradh na bhféiltí traidisiúnta agus laethanta, tréimhsí paidreoireachta agus cúrsaí ar son grúpaí agus daoine aonair cónaitheach agus neamhchónaitheach a chur ar fáil .

5: An foirgneamh agus na Gairdíní thart air a chothabháil agus a choiméad sábhálta do gach duine atá ag obair ann nó a thugann cuairt air ag cloí le rialacha an ama.

6: An tionad agus na gairdíní a chur ar fáil do dhaoine aonarach ,grúpaí nó do choistí chun a mbuanna a thabhairt go lár an aonaigh agus go háirithe do ghníomhaíochtaí spioradálta , ealaíonta ,cultúrtha agus gaelacha .

Cur síos ginearálta



Bunaíodh an Díseart mar eagraíocht neamhbhrabúsamhar agus mar charthanacht cláraithe i 1998. Thóg seo cúpla bliain de réamhphleanáil le tacaíocht agus cabhair ó mhná rialta Clochar na Toirbhirte agus treoir ó Bhord Stiúrthóirí deonacha a d'fhéachann i ndiaidh cúram agus cothabháil an fhoirgnimh agus na tailte, mar aon le gach gné bainistíochta eile.

Tá an Díseart suite i nDaingean Uí Chúise, an baile Gaeltachta is mó in Éirinn. Tá sé ar láthair chlochair na Toirbhirte. Tá sé mar aidhm aige feidhmiú mar lárionad do phobal bríomhar agus an cultúr ceilteach agus an spioradáltacht

a chur cun cinn mar chuid lárnach dár n-oidhreacht áitiúil. Thosnaigh an Díseart amach mar láthair taighde i ngach réimse de Spioradáltacht Gaelach agus an cultúr ceilteach, diagacht, teanga, litríocht, ealaíon dlíthe, béaloideas, luachanna stair ceol seandálaíocht agus nosanna.

Tá an Díseart ar fáilt don bpobal chun gníomhaíochtaí a bhaineann le spioradáltacht, ealaíon, cultúr an Ghaelainn. Áit is ea é gur féidir leis na daoine a gcuid eolais agus a mbuanna a roinnt. Tá sé mar aidhm ag an nDíseart imeachtaí a eagrú i rith nab liana. Imeachtaí a bhaineann le spioradáltacht cultúr.

Tá gáirdíní an Díseart álainn ar fad, seod ann fhéin isea iad seo le haghaidh turais teaghlaigh, imeachtaí cultúrtha, paidir agus machnamh. Suite i gceart lár na ngáirdíní seo tá an foirgneamh gleoite nua-ghotach seo An Díseart, dearth ag J.J. McCarthy. Stór náisiúnta é seo a chuireann iontas an domhain ar chuirteoirí nuair a thagann siad ar an bhfoirgneamh fíor álainn seo.

Tá Sáipéal álainn comhréir ann inar féidir sé cinn do fhuinneoga dúbalta lansáí éadroma a dfheiscint, cruthaithe ag an ealaíntóir clúiteach gloine daite Harry Clarke i 1924.



Tá na gairdíní i dtrí chuid, forbartha ag Mary Reynolds. Déanadh an gairdín uachtarach, gairdín na gcrann teaghlaigh agus é ar intinn spioraid phobail an Daingin i gCorca Dhuibhne a neartú agus cur lenár gceangal leis an domhan a dhoimhniú, chomh maith le timpeallacht shéimh mhín a chruthú sa ghairdín coille crannmhar seo. Tá fuinneoga Harry Clarke mar chúlra ar na gairdíní a leagadh amach don gcéad uair sa bhliain 1849, gairdíní suaimhneasach ciúin go bhfuil forbairt mór déanta ortha le blianta anuas. Ní aon iontas go bhfuil tarraingt agus spéis ionta seo ag cuairteoirí agus ag an pobal áitiúil.

Gairdín 2 – Gairdín Paidir

Is gairdín dronuilleogach é gairdín urnaí atá timpeallaithe ag fallaí árda. Is féidir dul isteach anseo trí dhoras árd airse. Tá labyrinth paidir sa ghairdín, ina bhfuil stáisiúin na croise leagtha amach le cloche ar an dtalamh ar an dtaobhthiar den labyrinth. Tá dhá chrann iúir iontacha Éireannach sa ghairdín (*Taxus Baccata* Fastgiata) chomh maith le roinnt tor torthaí.

An Gairdín Bithéagsúlachta céadfach.

Is é seo an forbairt is déanaí. Tá sé mar aidhm ag an ngairdín glacadh leis an dtuiscint trí bholadh, dathanna agus scáth a úsáid. Tá áit chun suí sa ghairdín le bláthanna fiáinne curtha ann. Tá tollán saileach ann agus leapacha árda ina gcuirfear luibheanna leighis áitiúla. Gné ar Leith den chuid seo den ghairdín is ea reilg mná rialta na Toirbhirte atá cosanta ag dhá dhealbh aingeal ag an ngeata agus iata isteach ag ráilí iarainn bána. Tá crann feá copair aibí sa reilg a d'fhéadach a bheith mar chuid den fhásra bunúsach agus más ea, roimh bhunú agus úsáid an ghairdín.



Áiseanna an Fhoirgnimh

Tá roinnt seomraí atá trealmhaithe go maith ar mhéideanna difiriúla sa Díseart, úsáidtear iad seo mar lóistín do mhic léinn a fhreastalaíonn ar chúrsaí sa bhfoirgneamh. Úsáidtear iad chomh maith le haghaidh úsáidí eile (ceolchoirmeacha, taispeántais léitheoireacht agus mar sin de).

Tá an Sáipéal ar fail chomh maith le haghaidh paidreacha, urnaí agus machnamh agus imeachtaí oiriúnacha eile. Tá bailiúchán leabhar spioradáltacht agus an ghaeilge a bhronn an tAth. Jim Sheehy ar an nDíseart agus leabharlann MSGNR Pádraig Ó Fiannachta a bhí ina Dhéan an Leínn Cheiltigh ag ollscoil na hÉireann Má Nuad. Tá an bailiúchan ar fáilt i leabharlann an Daingin in aice leis an nDíseart. Tá na bailiúcháin seo ar fail do lucht taighde. Foirgneamh trí stór atá sa Díseart. Chomh maith leis na seomraí ranga agus an Sáipéal tá ionad fáiltithe, spásanna oifige le roinnt seomraí singil ar an úrlár barraidh.

Tá cúpla seomra níos mó ar an úrlár barraidh chomh maith, ceann acu á úsáid ag an t-ealaíontóir cónaithe faoi láthair agus iad ar fail do scoláirí agus

deontaithe. Tá dhá chistin bhreá deafheistithe ann, ceann ar an dtalamh agus ceann eile ar an úrlár barraidh. Tá staighre ag dul go dtí na h-úrláir seo chomh maith le ardaitheoir.

Bailiúcháin mar chuid de chnámh droma agus chreatlach an fhoirgnimh. Tá fuinneoga Harry Clarke agus fuinneoga Meyer chomh maith sa tsáipéal. Tá múrmhaisiú agus fresco le Ella Yates le roinnt saothair ealaíne eile. Tá leabharlann agus míreanna eile leis an Mons. P. Ó Fiannachta agus le mná rialta na Toirbhirte. Níl clarú foirmeálta déanta ortha fós, ach beidh amach anseo agus iad ar fáil le haghaidh taighde roinnt taispeántas féideartha suimiúil.



Foireann

Níl éinne fostaithe ann faoi láthair. Baintear tairbhe as roinnt oiliúnaithe chomh maith le hoibrithe Fás, Solas agus oibrithe eile ar scéimeanna oiliúna atá urraithe ag an rialtas. Tá cuid acu seo linn le fada an lá agus iad an dílis don institiúid agus obair dhian á dhéanamh acu. Mar sin féin cuireann easpa bainisteoir ar thuarastal ana bhrú ar an mbord deonach agus go háirithe ar chathaoirleach an bhoird.

Foirm Rialachais

Is carthanacht cláraithe an Díseart, cuideachta faoi theorann ráthaoíochta atá á bhainistiú ag bord stiúrthóirí.

Baill Reatha an Bhoird

Joan Maguire – Cathaoirleach, Comhairleor IT

Máire Uí Shíthigh – Leaschathaoirleach, stiúrthóir oidhreacht Corca Dhuibhne

Pádraig Ó Foghlú- Rúnaí cuideachta agus aturnae

Pádraig Feirtéar – Rúnaí nóiméid, príomh Oide scoile ar scor

Isabel Bennett – Cisteoir, Seandálaí

Eileen Clear – Ball de Ord na Toirbhirte

Tadhg Ó Dúshláine – Údar acadúil agus Ollamh Ollscoile

Breda Enright – Garraíodóir Tírdhreacha

Máire De Bhál – Ball de Órd na Toirbhirte

Mícheál Ó Conchúir – Oide Bunscoile ar scor

Edel Ní Loibhéid – Iriseoir Radio

Marina Ní Dhubháin – Dramadóir

Cáit M. Ó Beaglaoidh – Leabharlannaí ar scor

Foinsí Maoinithe Oibriúchán

Is iad na seomraí ranga agus spas oifige ár bpríomh fhoinse ioncaim. Tá siad ar chíos faoi láthair ag campas Ollscoile an Chroí Ró Naofa Íosa. Tá teacht isteach suntasach againn chomh maith ó chuairoteoirí, ach tá laghadú tagtha ortha san le dhá bhliain anuas de bharr srianta Covid 19 agus ar dhíolachán Leabhar agus rudaí eile chomh maith. Tá síntiús neamh rialto ann leis le haghaidh cruinnihe ranga agus taispeantaisí.

Carnadh na bhfigiúirí ioncaim agus caiteachas

An Díseart

Faisnéis fhorlíontach a bhaineann le ráitis airgeadais agus cúntas mionsonraithe ioncaim agus caiteachas don bhliain airgeadais dár chríoch 31 Nollaig 2020

Ioncaim

Deonacháin Airgidí	€1229
Díolachán ón siopa	€94
Táillí Áiseanna	€2770
Táillí ó Ollscoil Chroí Ró Naofa Íosa	€35,130
Cuairteanna ar fhuinneoga	€312
Ranníocaíochtaí tógála ó Shiúracha na Tóirbhirte	€489
Deontaisí ón Rialtas	€34,000

Caiteachas

Costais pinsin ranníocaíochta	
Sainithe na foirne	€6,835
Cíos	€100
Ceannacháin siopa	-----
Costaisí an chúrsa (Washington Lee)	€3000
Árachas	€7409
Solas agus Teas	€4380
Glanadh	€845
Deisiúchán agus Cothabhála	€38,145
Cothabháil gairdíní	€42,005

Printeáil, Poisteáil, Staiseanóireacht	€1,276
Fógraíocht	€150
Telefón	€2611
Táillí comhairleoireachta	€738
Táillí Bainc	€149
Caiteachais Ceaintín	€1337
Leas Foirne	€278
Costais Ghinearálta	€322
Luach Saothair an inúchora	€2460

Ioncaim Ilghnéitheach

Ús Bainc	€7
Glan Ús	€9,336

Oibreacha Caipitil

Is é an caiteachas is mó atá díolta amach againn le déanaí ná an t-airgead atá caite ar an lobhadh tirim atá sa bhfoirgneamh agus an gairdín céadfach agus bithéagsúlachta ar bhaineamar leas as cúnamh deontais.

Ós rud é gur seana fhoirgneamh atá againn tá obair éigint ar siúl i gcónaí. Tá gá diamhair le obair a dhéanamh ar síleáil an tSáipéil faoi láthair agus limistéir don ndíon os cionn an phríomh staighre.

Cur síos ar na geallsealbhóirí

Séard atá anseo ná an bord, na hoiliúntaithe, oibrithe scéime, cáirde an Dísirt, muintir an Daingin agus go mór mhór ár gcomharsain, iad seo a bhaineann

úsáid as an bhfoirgneamh ortha san na scoláirí, agus iad san a ritheann ranganna agus imeachtaí eile ann. Daoine a thógann spásanna ar chíos agus na cuairteoirí a thagann ó Éirinn agus thar lear go dtí an Díseart agus na gairdíní.

Annual Visitor Numbers

Is é meánlíon na gcuairteoirí agus na dturasóirí a dhíolann an t-ionad gach bliain ná 5,500 ach tugann go leor eile cuairt ar na gairdíní.

Tá meascán daoine a úsáideann an fhoirgneamh faoi láthair iad siúd a fhreastalaíonn ar ranganna (micléinn SHU go príomha) ach chomh maith leis sin freastalaíonn daoine eile ranganna agus imeachtaí eile, agus tógann cuid eile spásann ar chíos ó am go ham. Tagann sé go dtí thart ar 600.

Athbhreithniú Staide

Éachtaí go dtí seo.

Tá an bheart déanta again go dtí seo forbairt a dhéanamh ar ár bpointe reatha, le dea-chaidreamh le Ollscoil an Chroí Ró Naofa Íosa. Tá an foirgneamh in áit i bhfad níos fear anois ná mar a fuarthas ar dtúis é, le trealamh sách agus oiriúnach do ranganna agus rl.

Tá ana fhorbairt déanta ar na gairdíní go staid ana chothaithe agus inspioráideach. Tá ainm mhaith again imeasc an phobail.

Constaicí

Cistí teoranta agus gan aon sruth ioncaim ráthaithe fadtéarmach. Baill an bhoird ag dul isteach san aos, gá le daoine óga atá meáite an obair a choimeád ag imeacht. Tá gá le bainisteoir lánaimseartha le pá.

Covid 19

I bpleananna don todhchaí, d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcoinne aidhmeanna straitéiseacha cibé a luaitear go neamhfhoirmiúil é.

Táthar ag súil cur leis an úsáid seo. Baile bríomhar isea Daingean Uí Chúise le blianta anuas agus lasmuigh de na deacrachtaí covid, ba choir go gcuireadh sé seo ár n-ionad chun chin. Tá an sean oispidéal sa Daingean follamh le fada, iartheach na mbocht, tá seo anois ag dul chun cinn go maith mar lárionad do ghníomhaíochtaí ealaíne agus eile. Cé go bhfuil gearradh siar ar chistí faoi láthair, thárlódh sé go dtógfadh a leithéid seo ó uimhreacha na dturasóirí go dtí an Díseart.

Scanadh Comhshaoil

Nuair a bunaíodh an Díseart ar dtús bhí an MSGR Ó Fiannachta fós linn, acadóir seanbhunaithe clúiteach agus a bhí ag mealladh micléin de gach leibhéal acadúil chun staidéar a dhéanamh anseo chomh maith le teagmhálacha a bheith acu in ollscoileanna difriúla, ach mo lean níl seo amhlaidh a thuilleadh. Tá gairdíní forbartha ar chaighdeán an-ard agus iad ag eirí ana thábhachtach mar áit cruinnithe do chuirteoirí go mór mhór le linn Covid le haghaidh ceolchoirmeacha agus imeachtaí cultúrtha nuair a bhí cosc ar thionóil laistigh.

Ar mhaithe leis an nDíseart, leathnaíodh an carrchlós inaice leis ach tá páirceáil an teoranta ar an tsráid in aice leis an bhfoirgneamh agus níl aon slí dhíreach chuige, agus mar sin níl sé soiléir do dhaoine a bhíonn ag dul thart agus níos measa fós do thiománaithe a théann thar ár ngeata. D'fhéadfadh an tionchar céanna a bheith ag ár ngeata chun an foirgneamh agus na gairdíní a chosaint ar chuirteoirí nach bhfuil chomh fáilteach go háiritithe san oíche, leis na turasóirí sin is mó a gcuirtear fáilte rompu.

Na ceisteanna go mbeidh tionchar acu ar todhchaí na heagraíochta

- Foinse ioncaim ráthaithe
- Ba cheart ar a laghad bainisteoir a fhostú

- Fás leanúnach Daingean Uí Chúise mar bhaile turasóireachta
- Bainistiú leanúnach na paindéime Covid agus aon acíd eile a dfhéadfadh teacht ár dtreo.
- Comhdhéanamh ar bhoird le baill nua ag teacht isteach mar is cuí
- Caidreamh leanúnach le Ollscoil An Chroí Ró Naofa Íosa.
- An cumas caidrimh a fhorbairt agus a chothú le hollscoileana chun cúrsaí a sholáthar agus a líonadh dílis do mhisean an Díseart
- Dúshlán a bhaineann le tarraingtí turasóireachta cosúla sa bhaile (ie. Sean-oispidéal)
- Ioncaim agus caiteachais measta le linn shaoil an phlean straitéisigh a chur san áireamh agus ba cheart go n-aireofaí leis réamh-mheastacháin airgeadais mar aguisín

Réamh-mheastacháin airgeadais fágtha faoi J. Sheehy.

Aidhmeanna agus pleananna straitéiseacha

Cultúr cheilteach agus spioradáltacht a chur chun cinn, trí imeachtaí, cúrsaí, ceolchoirmeacha, foilseacháin, semineáir comhdhálacha a éascú agus a eagrú.

Ár bhfreagrachtaí mar charthanacht a chomhlíonadh trí bheartais éagsúla agus moltaí eile a fhorbairt chun cloí leis an Rialtóir Carthanachta.

A chinntiú go bhfuil an foirgneamh agus na gairdíní ar fáil do gach éinne, ag cinntiú go mbíonn siad cothbhála agus go mbeadh daoine ábalta teacht ortha gan dua.

Tacaíocht a fháil le gur féidir aidhmeanna a chur i gcrích i gceart trí dheontais a chur i bhfeidhm agus spreagadh breise a thabhairt dár ngrúpa cairde.

Líon ár gcuariteoirí a mhéadú

Plean gníomhaíochta bliaintúil a tháirgeadh

Athraithe a dhéanamh chun oibriú an fhoignimh a dhéanamh níos inbhuanaithe.

Athbhreithniú ar meicníocht

Is plean bainistíochta straitéiseach trí bliana é seo a aithbhreithneofar go bliantúil le linn nab liana, beidh príomhchuspóirí go dteastaíonn athbhreithniú sé mhí uatha. Déanfar gach athbhreithniú ag cruinnithe Boird. Pléifear dul chun cinn agus deacrachtaí. Déanfar plé ar gach cuspóir ag baint úsáide as an bplean straitéise bainistíochta.

Laistigh de thréimhse an phlean bainistíochta straitéisigh, beimid ag obair de réir pleananna gníomhaíochta bliantúla a bhrisfidh cuspóirí nab liana i sraith tascanna, spriocanna data agus fachtóirí tábhachtach eile. Tá a mheicníochtaí athbhreithnithe fhéin sa phlean gníomhaíochta bliantúil seo.

Aguisíní

Polasaithe ráitis agus achoimre ioncaim agus caiteachais. Polasaí bainistíochta airgeadais don nDíseart.

Polasaí Oibrithe Deonach.

Polasaí Coinbhleachta Leasa.

Plean gníomhaíochta an Díseart 2022 Comhlanú é se oar ár bplean 2022-2025

Ráiteas athchomair ioncaim agus caiteachas bliantúil

Beartas um chosaint sonraí pearsanta

Tá na polasaí cosanta sonraí pearsanta seo a leanas forbartha again chun déileáil le saincheistanna a d'fhéadfadh imní a bheith ort faoi. D'fhéadfadh an polasaí athrú ó am go ham mar sin scrúdaigh é le do thoil go tréimhsiúil.

Ráiteas Príobháideachta

Tá an Díseart tiomanta do phríobháideachas na n-úsáideoirí a chosaint. Thása againn go bhfuilir i ndáiríre faoi do shábhaltacht agus do chuid eolais aon fháisnéis phearsanta a thugann tú go deonach don nDíseart, mar rannpháirtí, freastail imeachtaí, nó d'ainm a chur le suíomh gréasán nó ar ríomhfheasachán úsáidfear é le caighdeán árd sábhaltachta agus faoi chuing ruin agus de réir Achta um chosaint sonraí 1988 agus a leasaithe i 2003.

Má chuireann tú eolas phearsanta ar fáil dúinn i dteachtaireacht ríomhphost go dtí aon cheann dár seoltaí ar ár suíomh nó aon fhoirm a líonann tú amach dúinn le do sonraí pearsanta, úsáidfear an teolas chun do theachtaireacht a fhreagairt amháin agus chun cabhair a thabhairt dhúinn an t-eolas a bhí uait a chur ar fáilt dhuit.

Ní sheoltar iris an Dísirt ach amháin dóibh sin a d'iarr í.

Tá naisc ar ár suíomh gréasáin le suíomhanna greasáin eile go mbéidir go mbeadh suim nó spéis agaibh ionnta. Níl aon smacht again ar pholasaithe príobháideachais nó ar ábhar na suíomhanna gréasáin sin.

Ceartú ag nuashonrú eolas pearsanta

Má thagann athrú ar do chuid eolais/fáisnéise pearsanta nó muna mian leat síntiús a dhíol lenár seirbhísí a thuilleadh, déanfaimid ár ndíchaeall an t-eolas pearsanta a cuireadh ar fáil dúinn a cheartú a nuashonrú nó a bhaint chomh tapaidh agus is féidir, is féidir é seo a dhéanamh trí theagmháil a dhéanamh linn ag an Díseart, Sráid an Doirín, Daingean Uí Chúise.

Conas a chosnaimid do chuid fáisnéise/eolais

Glacfaimid gach réamhchúram chun do chuid fáisnéise a chosaint chuige sin coimeádtar an fháisnéis pearsanta ar fad atá á stóráil againn i gcomhaireachta

nó ar ríomhaire atá cosanta ag pasfhocal. Ceadaítear do fhostóirí agus oibrithe deonacha ceadaithe no conraitheoirí / fhorbróirí a cheaptar ó am go ham go bhfuil eolas de dhíth ortha chun post ar Leith a dheonú rochtain ar fháisnéis inaitheanta phearsanta.

Déantar athbhreithnithe slándála rialta chun a chinntiú go bhfanann an láithreán sábhálta agus slán chun tú a chosaint.

Suirbhéanna agus cur chun cinn

Déanaimíd suirbheanna agus promóisin ó am go chéile agus d'fhéadfaimís fáisnéis/eolas a lorg ort mar chuid díobh seo. Tá rannpháirtíocht ionnta seo go hiomlán deonach agus tá rogha agat mar sin eolas nó gan eolas a nochtadh.

D'fhéadfaimís fiafraí dhuit chomh maith ar mhaith leat ríomhphost fógraíochta agus postálacha a fháil uainn maidir le táirgí agus seirbhísí eile.

Fianáin 'Cookies'

Is féidir an saghas fáisnéise agus sonraí neamhphearsanta úsáideora dá dtagraítear thuas a bhailiú trí oibriú caighdeánach ár n-idirlíon, ár bhfreastalaí agus ár logaí chomh maith le fianáin.

Is éard is fianán ann na comhad beag téacs ina bhfuil uimhir aitheantas uathúil a aistrítear ó shuíomh gréasáin chuig tiomántán cruá do ríomhaire ionas gur féidir leis an suíomh gréasáin a bhí in úsáid agat tú a aithint do ghníomhaíochtaí a riaradh ar an suíomh gréasáin áirithe sin. Má idirghníomhaíonn tú le codanna áirithe den suíomh gréasáin seolfaidh an suíomh fianán chuig do dhiosca cruaidh, ní aithníonn an fianán ach do ríomhaire agus ní bhíonn aon eolas pearsanta ar eolas aige nó a stóráil agat fút. Féadfaidh tú do rogha a dhéanamh gan d'fhianáin a chumasú i do bhrabsálaí má cheadaíonn do bhrabsálaí cé go mb'fhéidir go mbeadh ort d'fhianáin a chumasú.

Fianáin

Is féidir an cineál fáisnéise agus sonraí neamh pearsanta úsaideora dá dtagraítear thuas a bhailiú trí oibriú caighdeánach ár bhfreastalaí agus ár logaí idirlín chomh maith le fianáin, is comhad téacs beag é fianán in bhfuil uimhir aitheantais uathúil a aistrítear ó thiomáint cruaidh do riomhaire ionas gur féidir leis an suíomh Gréasáin atá in úsáid agat tú a aithint agus do ghníomhaíochtaí a rianú ar an suíomh Gréasáin áirithe sin

Más rud é go ndéanann tú idirghníomhú le codanna áirithe den suíomh Gréasáin, seolfaidh an láithreán fianán go dtí do thiomáint cruaidh , ní aithníonn an fianán ach do riomhaire agus Ní bhíonn aon eolas pearsanta ar eolas aige nó á stóráil aige fút.

Feadfair an rogha a dhéanamh gan an fhianán a chumasú I do bhrabsálaí má thug sé an cead dhuit, cé go mbfhéidir go gcaithfeá do fhianán a chumasú.

Cumasaíonn fianáin iompar úsáide a riarú agus bailítear sonraí le tiomsú a éascódh ábhar níos dírithe agus níos fearr

Cabhraíonn sé linn a bheith ar an eolas faoi na codanna den suíomh Gréasáin a bhfuil lorg ortha agus go ginearálta, tuiscint a dháilt ar an slí a bhfuil daoine ag úsáid an tsuímh



Polasaí Bhainistíocht Airgeadais don Díseart

Freagrachtaí

- Aithnímid go bhfuil ollfhreagracht do bhainistíocht airgeadais ar na hlontaobhaithe
- Údaráimid (mar shampla fochoiste airgid) chun tascanna a chomhlíonadh

Buiséadú

- Ullmhaímid buiséad bliantúil mar pháirt dár bplean oibre bliantúil
- Níl an buiséad bailí go dtí go mbíonn sé faomhaithe ag an foras rialaithe

Caiteachas

Bíonn gach íocaíocht nach ó mhionairgead é údaraithe ag beirt stiúráthóirí agus íoctha ag an tríú duine.

- Bíonn gach caiteachas údaraithe doicúiméadaithe i scríbhinn ag an gcisteoir (ríomhphost inghlactha)
- Féachtar go h-eisceachtúil ar gach caiteachas nach bhfuil réamhúdaraithe sa bhuiséad agus ar gach caiteachas os cionn 5000 euro in aon mhí amháin agus caithfidh san a bheith réamhúdaraithe ag an bhforas rialaithe
- Caithfear gach sonrasc a phéireáil lena ndeimhniú údaraithe caiteachais
 - Caithfidh gach sonrasc a bheith nascaithe leis an mhír bhuiséadach chúí
- Beidh sonrasc údaraithe agus íoctha laistigh do 31 lá
- Deintear athbhreithnú ar údaraithe caiteachais go ráthúil agus leantar suas aon sonrasc atá ag seasamh amach
- Baineann sé seo freisin le horduithe seasta agus le dochair dhíreacha
- Deintear gach caiteachas a nótaíl i scarbhileog mhíosúil

--Deintear gach ioncam a nótaíl i scarbhileog

— Deintear comhdú ar gach páipéarachas a bhaineann leis.

Mionairgead:

—Coimeádtar an sruth mionairgid san oifig nó i dtaisceadán muna bhfuil duine ar bith i láthair

— Ní féidir níos mó ná €100 a bheith sa tsruth

Caithfear admhálacha a fháil agus a choimeád do gach caiteachas mionairgid

Costaisí as póca oibríthe deonacha ,lena náirítear costaisí iontaobhaithe

— Seo a leanas na costaisí atá ceadaithe :

—Caithfear éilimh chostaisí a chur isteach chomh luath agus is féidir tar éis a dtarlú

— Bíonn éilimh neamhbhailí muna gcuirtear isteach iad lastigh de sé mhí

— Tá admhálacha riachtanach do gach costas

—Is féidir costaisí suas go €30 a éileamh ó mhionairgead

—Caithfidh costaisí thar €_____ a bheith réamh údraithe go foirmeálta ag an foras rialaithe



Polasaí Oibrithe Deonacha

Deineann an Díseart, Institiúid do Chultúr agus Spioradáltacht Ghaelach , taighde , cúrsaí agus imeachtaí cultúrtha i ngach gné don Spioradáltacht Ghaelach agus don gCultúr Ceilteach ar a bhfuil diagacht, teanga , litríocht, ealaíon, dlíthe, béaloideas, luacha , spioradáltacht, stair, ceol , seandálaíocht agus custaim a chur chun cinn

Is iad ár n-oibrithe deonacha an achmainn is luachmhaire atá againn. Spreagaimid agus tacaímid le rannpháirtíocht ag gach leibhéal dár n-eagraíocht agus laistigh do gach gníomaíocht chuí .

Tús

Tá an polasaí seo againn chun téarmaí tagartha a leagadh amach d'oibrithe deonacha , do bhaill an Bhoird agus dóibh siúd atá faoi oilúint i slí atá chomh mholtach agus tacúil. Is duine an oibrí deonach a thugann a c(h)uid ama agus seirbhís chun cuidiú leis an Díseart ,taobh amuigh de theorainn fostaíochta íochta agus gnáthfhreagracht , chun a mhisean a chur i gcrích . Tá sé i gceist go gcuideoidh an polasaí seo leis an Díseart chun cúram a dhéanamh leis na hoibrithe deonacha agus san am chéanna fanacht dílis do Rialachas Ginearálta Cosaint Sonraí (GDPR),

Is oibrithe deonacha iad, baill an Bhoird ina measc, furmhór na ndaoine atá bainteach leis an Díseart.

I dtreo is gur féidir linn an chuid is mó a dhéanamh inár n-am teoranta , tá sé curtha romhainn againn oibriú le chéile mar seo :

- Má gheallaimid go ndéanfaimid rud éigin, déanfaimid é.
- Muna féidir linn rud éigin a dhéanamh nó é a dhéanamh lastigh don am a socraíodh, tabharfaimid go leor fógra, i dtreo is gur féidir socraithe eile a dhéanamh.
- I gcónaí déanfaimid cumarsáid cúirtéiseach agus ionraic le chéile agus le ár bpáirtnéirí leasmhara go léir.
- **Is iad na príomhshlite cumarsáide a bheidh againn ná ríomhphost /guthán/ WhatsApp=====le cinntiú**
- Coiméadfaimid gnóthaí rúnda faoi rún.
- Ní tharraingóimid míchlú ar an eagraíocht .
- Taipeáinfimid meas dá chéile as ucht ár n-iarrachtaí deonacha .

Tá =====freagrach as a chinntiú go bhfuil na próiséis sa docuiméad seo leanta.

Beifear ag súil go gcuideoidh gach oibrí deonach eile (Baill an Bhoird ina measc) leis an próiséal seo.

Earcaíocht

— Fáiltimid roimh iarratais chun teacht linn mar oibrí deonach ó aon duine atá sásta le haidhmeanna agus luacha na heagraíochta .

—Sula ndeimhnítear do áit mar oibrí deonach, labharfaimid le chéile go neamhfhoirmeálta, i dtreo is gur féidir linn a chinntú go bhfuilimid ceart dá chéile .

- Nuair atá scil áirithe riachtanach, b'fhéidir go gcuirfimid sonraí gairide poist le chéile don oibrí deonach/oibrithe deonacha a fhéadfadh a bheith ar an dream is fearr chun na tascanna seo a chomhlíonadh .

— I gcónaí fáiltimid roimh thagairtí agus coimeádamid an ceart gan ach iarrathóir ar oibrí deonach a roghnú. Beidh ar gach duine a roghnaítear tréimhse trialach d'aon mhí amháin a dhéanamh.

—Nuair a deimhnítear go bhfuil áit ar fáil, cuirfimid na mílte fáilte romhat mar oibrí deonach nua agus cuirfimid ar fáil an t-eolas atá uait chun a bheith sáite go smior in ár n-eagraíocht

Gníomhaíochtaí agus Freagrachtaí

-I gcónaí cuirfidh an Comhordanóir Oibrí Deonach, ar son an Bhoird, cur síos cruinn ar fáil dos na tascanna a mbeimis ag súil go gcomhlíonfá mar oibrí deonach

— Is mór againn do bhronntanas ama atá á chaitheamh agat lenár n-eagraíocht mar oibrí deonach ach an méid sin ráite, cuireann asláthaireachtaí neamhsceidealaithe le fadhbanna eagrúcháin agus iarraidimid ort go gcuireann tú iad seo in iúl don bhféitheoir a luaithe agus is féidir i dtreo is gur féidir socrúcháin logánta a dhéanamh go pras

Tacaíocht

— Tá meas againn ar do phríomháideachas agus ar do rúndacht

— Déanfaimid aisíoc ar aon chostaisí réamhcheadaithe a tharlaíonn ag déanamh obair dheonach dár

n-eagraíocht

— Cuirtear clúdach árachais ar fáil do gach gníomaíocht dheonach atá faomhaithe

— Bíonn Féitheoir ainmnithe i bhfeighil gach foireann oibrithe deonacha

- Nuair a thagann deiseanna oiliúna agus forbartha ar fáil, spreagfaimid na hoibrithe deonacha chun na cúrsaí seo a dhéanamh mar is cuí

—Táimid, an Bord agus páirtithe leasmhara an Díseart, thar a bheith buíoch dár n-oibrithe deonacha as ucht a gcabhair agus a dtacaíocht , agud déanfaimid gach dícheall chun é seo a thaispeáint ag an leibhéal foirmeálta agus ag an leibhéal neamhfhoirmeálta

—Más gá cuirfimid tagairtí ar fáil dár n-oibrithe deonacha reatha agus dár n-iaroibrithe deonacha

_ I gcónaí fáilteofar roimh do aischothú go dtí an mBord (trí an Comhordanóir Oibrithe Deonacha)

—De ghnáth cuirtear ionad ar an mBord ar fáil d'ionadaí oibrithe deonacha

Coiméad Sonraí agus GDPR

—Coiméadtar taifead bunúsach riaracháin ar gach oibrí deonach , tá teacht acu orthu seo ag am ar bith; Scriostear iad seo lastigh de (cuir isteach an t-am) nuair nach bhfuil an duine ina oibrí deonach leis an eagraíocht níos mó

_ Beimid ag súil go gcloífear lenár bpolasaithe agus lenár modhanna oibre (cuirfear iad seo ar fáil nuair a deimhnítear go bhfuilir ag teacht linn) agus go gcoiméadfaidh tú an rúndacht d'aon agus gach eolas pribhléideach a nochtfar duit faid is a bheir mar oibrí deonach.

Sa chás annamh go dtarlóidh fadhbhanna

—Tá sé d'aidhm againn gníomhú go tapaidh agus go cothrom má tharlaíonn deacrachtaí

—Ímpimid ort, má bhíonn aon saghas faidhbe agat id líne oibre linne, teagmháil a dhéanamh le dhéitheoir a luaithe agus is féidir

—Más é an féitheoir foinse na faidhbe nó munar féidir leis an scéal a réiteach, ba chóir don oibrí deonach teagmháil a dhéanamh le Cathaoirleach an Bhoird

— Coimeádimid an ceart oibrithe deonacha a dhíbhirt más rud é nach gclaíonn siad le rialacha na heagraíochta nó nach ndeineann siad a dtascanna deonacha go sásúil

Agus mar chríoch....

Gaibhimid buíochas ó chroí leat as smaoineamh ar theacht linn mar oibrí deonach agus tá súil againn go mbainfidh tú idir thaitneamh agus thairbhe as a bheith ag obair sa Díseart .

Sínithe: (Féitheoir Oibrithe Deonacha Ceaptha)

Oibrí Deonach

Dáta:

Dáta: